Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

# Nochtadh na Staire



**Aibhistín de Staic**

Fear Spóirt, Míleatach, Príosúnach Polaitiúil

## Réamhrá

Mar pholaiteoir a chreid i náisiúnachas na hÉireann, mar phoblachtach míleatach agus mar lúthchleasaí cáiliúil, rinne **Aibhistín de Staic** cion fir ar son saoirse na hÉirean. Ba pheileadóir Gaelach den chéad scoth é agus bhí sé ina chaptaen ar fhoireann Chiarraí nuair a bhuaigh siad cluiche ceannais na hÉireann sa bhliain 1904. Ina dhiaidh sin, bhí sé mar Uachtarán ar an Chomhairle Contae CLG Chiarraí. Toghadh é go síoraí ó 1918 go 1927 ar dtús mar Fheisire Parlaiminte agus ansin mar Theachta Dála. Bhí sé mar Aire Gnóthaí Baile ó 1919 go 1922 agus le linn an ama sin, chuidigh sé le bunú chúirteanna na Dála, a raibh an-rath orthu. Mar dhuine a bhí glan in éadan an Chonartha Angla-Éireannaigh, ghlac de Staic páirt i gcúrsaí míleata agus i gcúrsaí polaitiúla agus é ar an taobh frith-Chonartha le linn Chogadh na Saoirse. Is iomaí uair a cuireadh i bpríosún é le linn Chogadh na Saoirse agus le linn Chogadh na gCarad agus tháinig meath ar a shláinte mar gheall ar an anró a d'fhulaing sé sa phríosún agus na stailceanna ocrais a rinne sé. Ba é tionchar na nithe seo a chuir faoin bhfód go luath é.

## Digitiú ar Fhoinse Phríomha Leabharlann

Bunaítear an PDF seo ar ábhar ó fhoinse phríomha, atá i dtaisce i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ábhar ar ndearnadh digitiú air chun Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain a cheiliúradh (1912-1923). Tá réimse doiciméad ann idir litreacha pearsanta, cuimhní cinn, páipéir oifigiúla agus lámhbhillí, mar aon le léarscáileanna agus grianghraif. Tá na doiciméid seo ina gcabhair chun comhthéacs a fháil maidir le cinntí agus meon na bhfear agus na mban, Aibhistín de Staic san áireamh, a raibh tionchar acu ar thréimhse na réabhlóide in Éirinn.

# Pointí Tábhachta

## 1916–1917

**Gafa + stailceanna ocrais**

Níor éirigh le hAibhistín de Staic bualadh leis an long airm Ghearmánach, an Aud, sa bhliain 1916, nuair a tháinig sí trí lá roimh an dáta a bhí socraithe roimh ré. Gabhadh é tamall gearr ina dhiaidh sin agus gearradh téarma príosúnachta saoil air. Scaoileadh de Staic saor sa bhliain 1917 ach gabhadh arís é tamall gearr ina dhiaidh sin. Bhí de Staic ina cheannaire ar stailc ocrais inar éiligh sé go n-aithneofaí é féin agus a chomhghleacaithe mar phríosúnaigh chogaidh. D'éirigh leis an stailc. Sa tréimhse sin, ceapadh é mar chomhrúnaí ar Shinn Féin agus ar choiste feidhmiúcháin Óglaigh na hÉireann.

## 1918

**Leascheannaire ar na hÓglaigh**

Ceapadh é mar leascheannaire ar na hÓglaigh i mí an Mhárta. Faoi mhí na Nollag, a fhad is a bhí sé i ngéibheann i bPríosún Bhóthar Chromghlinne i mBéal Feirste, toghadh de Staic i gCiarraí Thiar in olltoghchán na Breataine. Níor sheas aon duine ina choinne.

## 1919–1920

**Ar a theitheadh**

Aistríodh de Staic go dtí Príosún Strangeways i Manchain i mí Aibreáin 1919 ach d'éalaigh sé i mí Dheireadh Fómhair agus chuaigh sé ar a theitheadh in Éirinn. I Mí na Samhna 1919, ceapadh ina Aire Gnóthaí Baile é agus le linn an dá bhliain ina dhiaidh sin, chuidigh sé le bunú na gcúirteanna poblachtacha. I rith na tréimhse seo, bhí mar leascheannaire san IRA.

## 1921

**Rinne idirbheartaíocht le Lloyd George**

Tar éis an tSosa Cogaidh a chuir críoch le Cogadh na Saoirse, bhí Aibhistín de Staic mar chuid den fhoireann, ar ghlac Art Ó Gríofa páirt inti chomh maith, a chuaigh i mbun idirbheartaíochta le Lloyd George le haghaidh téarmaí an tsosa cogaidh.

1922

1923–1925

## Rialtas poblachtach

Bhí Stack glan i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaigh. I Mí Dheireadh Fómhair, chuidigh sé le bunú 'rialtais phoblachtaigh' in éineacht le Teachtaí Dála eile a bhí i gcoinne an chonartha. Ceapadh mar aire airgeadais é sa scáth-údarás sin.

## Gafa

I Mí Aibreáin 1923, ghabh saighdiúirí an tSaorstáit de Staic agus cuireadh i bpríosún é. Bhí sé mar cheannaire ar an-chuid stailceanna ocrais agus toghadh é mar Theachta Dála de chuid Shinn Féin i gCiarraí agus i Luimneach Thiar agus é fós sa phríosún. Scaoileadh saor é i Mí Iúil 1924 agus phós sé Winifred Úna Gordon i Mí Lúnasa 1925. Baintreach RIC a bhí inti, ar chas sé uirthi nuair a bhí sé ar a theitheadh sa bhliain 1920.

1926–1929




## Bás sa bhliain 1929

D'fhan Aibhistín de Staic i Sinn Féin nuair a d'fhág de Valera chun Fianna Fáil a bhunú i Mí an Mhárta 1926. Sa toghchán a tharla i Mí an Mheithimh 1927, choinnigh sé a shuíochán sa Dáil ach níor toghadh é go dtí an t-aonú comhaireamh déag. Ní raibh aon bhaint aige leis an bpolaitíocht thofa ina dhiaidh sin. Fuair de Staic bás ar an 27 Aibreán 1929 in Ospidéal an Mater nuair a buaileadh tinn leis an aipindicíteas é. Cuireadh i Reilig Ghlas Naíon é.

## CLG

Rugadh Aibhistín de Staic i dTrá Lí, Contae Chiarraí sa bhliain 1879. Mac le William Moore Stack ab ea é, Fínín mór le rá agus ceannaire ar Chonradh na Talún, agus le Nanette Stack (O'Neill roimh phósadh di.) Bhí baint aige le Cumann Éire Óg agus ina dhiaidh sin le Conradh na Gaeilge, dhá eagraíocht a chuir staidéar na Gaeilge, mar aon le stair agus litríocht na hÉireann chun cinn. D'fhág de Staic an t-oideachas agus é ceithre bliana déag d'aois. D'oibrigh sé ansin go dtí go raibh post aige mar cléireach sinsearach in oifig John O'Connelly, dlíodóir i dTrá Lí. Chomh maith leis sin, bhí sé mar bhailitheoir cáin ioncaim le haghaidh cheantar an Daingin agus cheantar Chathair Saidhbhín sular tugadh an bóthar dó mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí poblachtacha poiblí. Agus bua aige mar pheileadóir Gaelach, bhí sé mar cheannaire ar fhoireann Chiarraí nuair a bhuaigh siad cluiche ceannais na hÉireann sa bhliain 1904. Bhí sé mar Uachtarán ar an Chomhairle Contae CLG Chiarraí, áit ar chuidigh sé le hatheagrú na heagraíochta ionas go mbeadh sé níos éifeachtaí.


ADDRESS TO AUSTIN STACK

TO YOU MR. STACK, ONE OF THE GREAT IRISHMEN OF THE PRESENT AGE, WE HAVE BEEN DEPUTED BY THE SINN FEIN CLUBS OF SOUTH KERRY TO EXTEND THEIR HEARTIEST CONGRATULATIONS ON YOUR RELEASE FROM PRISON TO EXPRESS THEIR GREAT SATISFACTION THAT YOU ARE UNIMPAIRED PHYSICALLY AND MENTALLY. AND TO OFFER YOU CEAD MILE FAILTE ON YOUR RETURN TO YOUR NATIVE COUNTY. YOU HAVE SUFFERED WELL NIGH EIGHT YEARS OF MARTYRDOM FOR YOUR COUNTRY'S CAUSE, AND WE OFFER OUR HUMBLE THANKS TO THE DEVINE CREATOR FOR GIVING YOU THE FORTITUDE TO BEAR YOUR AWFUL TRIALS, AND WE PRAY HIM TO GIVE LIFE AND HEALTH TO COMPLETE YOUR GREAT WORK, TO LEAD YOUR COUNTRY TO THE MOST GLORIOUS OF ALL GOALS -- FREEDOM.

WE LOOK UPON YOUR RELEASE AND PRESIDENTS DE VALERA'S IS A

Seoladh clóscríofa ó Clubanna Shinn Féin i gCiarraí Theas. Déantar comhghairdeas le Stack as ucht é za bheith scaoileadh saor ón bpríosún sa bhliain 1924. I gCiarraí, rinneadh leis na gclubanna seo agus an peil Gaelach agus an náisiúnachas araon. Is féidir leat an doiciméad iomlán a léamh (MS 17,087/2) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000780975**

## Náisiúnaí Míleatach

Le cois na ról tábhacht a bhí aige in athbheochan cultúrtha na hÉireann, ba ghníomhaire míleatach diongbháilte é de Staic le linn dó a bheith ina bhall d'Óglaigh na hÉireann agus do Bhráithreachas Poblachtach na hÉireann araon. Mar gheall ar an gcúlra Fíníneach a bhí sa teaghlach aige, bhí sé an-oiriúnach mar bhall san IRB. Cathal Brugha a chuir faoi mhionn na heagraíochta rúnda é sa bhliain 1908 agus faoin mbliain dar gcionn, bhí sé mar cheannaire ar bhrainse an IRB i gCiarraí. Chuidigh sé le bunú ghluaiseacht Óglaigh na hÉireann i dTrá Lí agus aithníodh mar phríomhcheannaire na heagraíocht sa cheantar é, mar gheall ar an gcur amach a bhí air i gcúrsaí CLG agus an líon mór teagmhálaithe a bhí aige. Tugadh an bóthar do de Staic áfach, agus chaill sé a phost mar bhailitheoir cáin ioncaim le haghaidh cheantar an Daingin agus cheantar Chathair Saidhbhín mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí míleatacha.

Go luath sa bhliain 1916, thosaigh de Staic ag ullmhú le haghaidh teacht an Aud i mí Aibreáin, long airm ón nGearmáin a thiocfadh i dtír i gCalafort na Fianaite i gCiarraí. In ainneoin an ullmhúcháin chúramaigh a rinne de Staic, tháinig an long Ghearmánach i dtír, a raibh fiche míle raidhfil, milliún urchar agus trí mheaisínghunna á n-iompar aici, trí lá roimh an dáta a bhí socraithe agus ghabh Cabhlach na Breataine í. Lena chois sin, nuair a tháinig Roger Casement i dtír ar Thrá na Beannaí in ú-bád, gabhadh é ar an bpointe boise, nach mór. Gabhadh de Staic é féin an oíche sin. nuair a shúil sé isteach i stáisiún RIC le fáil amach céard a tharla do Casement. Ainneoin gur gearradh téarma príosúnachta saoil air i Mí an Mheithimh 1916, scaoileadh saor é mar chuid de phardún ginearálta i Mí an Mheithimh 1917. Sna blianta i ndiaidh Chogadh na gCarad, mhaígh de Staic go raibh imní mór air faoin méid ratha a bheadh ar Éirí Amach na Cásca tar éis na tubaiste leis an Aud, agus rinne sé cáineadh ar leith maidir leis an gcaoi a reáchtáladh Éirí Amach na Cásca 1916 i gCiarraí.

**Ba ghníomhaire míleatach diongbháilte é Stack le linn dó a bheith ina bhall den Irish Volunteers agus an Irish Republican Brotherhood ar aon**



Reprint from The Kerry Champion, August 31st, 1929.

# LANDING OF CASEMENT

## THE AUTHENTIC NARRATIVE

Written by AUSTIN STACK.

A Historic Document.

TO OUR READERS.

A great many persons were unable to procure a copy of last week's "Kerry Champion" owing to the great run on the issue, consequent on the publication of the first instalment of Austin Stack's gripping narrative of the landing of Sir Roger Casement on the Ballyheigue coast on Good Friday 1916.

We are therefore re-printing that instalment. Readers and new readers can obtain copy of same from our Newsagents.


A FOREWORD.

Very few in the County have any knowledge of the Casement landing in 1916, and the fact that no attempt was made to rescue Casement has naturally surprised a good many people. It has been my intention to write a few notes since the death of Austin Stack, as I happen to be one of the few people who are aware of most of the facts connected with the Casement Landing. Mrs. Stack who was aware of my intention found on going through Austin's papers an article on Terence McSwiney written by him at the request of a French Nun Sister ———. Mrs Stack was good enough to forward me this article which gives a very vivid account of Austin's efforts to get in touch with Casement on Good Friday morning 1916. I am adding a few extra notes of my own. These, I think, will not only elaborate a few points casually mentioned by Austin, but be of interest to your readers.

P. S. O'CATHAIL.

SIR ROGER CASEMENT.

Alt nuachtáin a scríobh de Staic ach a foilsíodh i ndiaidh a bháis sa bhliain 1929 ina bhfuil cuntas fírinneach ar theacht i dtír Roger Casement i gCiarraí. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 17,075/8) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000779978**





Bileog thoghcháin le haghaidh olltoghchán na Breataine sa bhliain 1918 ina bhfuil grianghraf de Stack air. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 17,073/1) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000779609**

## Príosúnach Polaitiúil

Ní hamháin go raibh seasamh ag Aibhistín de Staic in Óglaigh na hÉireann agus san IRB, ach bhí an-bhaint aige leis an bpolaitíocht phoblachtach chomh maith agus é ina bhall de Shinn Féin. Nuair a cuireadh i bpríosún é Mí Lúnasa 1917, ghlac sé ceannaireacht ar stailc inar éilíodh stádas mar phríosúnaigh chogaidh dó féin agus dá chomhghleacaithe. D'éirigh leis an stailc ocrais a cuid spriocanna a bhaint amach, cé gur cailleadh Thomas Ashe lena linn. Thug de Staic faoi dhá stailc ocrais eile sular scaoileadh saor é i Mí na Samhna 1917. Faoi dheireadh na bliana sin, toghadh de Staic mar chomh-rúnaí ar Shinn Féin agus faoi Mhí an Mhárta 1918 bhí sé mar leascheannaire ar Óglaigh na hÉireann. Gabhadh é in athuair agus cuireadh i bpríosún é i bPríosún Bhóthar Chromghlinne i mBéal Feirste. Nuair a bhí sé ann, ghlac sé ceannaireacht ar stailc ocrais eile in éineacht le seachtó príosúnach de chuid Shinn Féin. San olltoghchán a tharla i Mí na Nollag 1918, toghadh é mar Fheisire Parlaiminte ar son Chiarraí Thiar agus é fós ina phríosúnach.

## Duine a d'éalaigh ón bpríosún

I mí Aibreáin 1919, aistríodh Aibhistín de Staic go príosún Strangeways i Manchain. Cé go dtiocfadh meath ar a gcaidreamh in imeacht ama, bhí Mícheál Ó Coileáin an-tógtha leis agus bhí sé meáite air é a bhriseadh amach as an bpríosún. Ghlac an Coileánach ceannaireacht ar an bplean éalaithe. Agus ainm bréige in úsáid aige, thug sé cuairt ar de Staic in Strangeways chun sonraí an phlean a chinntiú leis. Ar an 28 Deireadh Fómhair 1919, d'ionsaigh seisear príosúnach, de Staic agus Piaras Béaslaí ina measc, garda príosúin. Ag am céanna, chaith a gcomrádaithe dréimire téada thar bhalla chlós an phríosúin a bhí 35 troigh ar airde. Ba é de Staic an chéad duine thar an mballa. Dhreap sé in airde ar dhréimire eile a chuir a chomhghleacaithe i gcoinne an bhalla lasmuigh agus bhí sé in ann dreapadh síos go dtí an tsráid. Tháinig slua mór ar an láthair mar gheall ar an mbriseadh amach agus choinnigh buíon mór de phoblachtaigh Éireannacha faoi airm siar iad chun go bhféadfadh na príosúnaigh go léir éalú. Bheadh de Staic ar a theitheadh ar feadh an chuid eile de Chogadh na Saoirse.





Léarscáil tarraingthe de láimh a léiríonn Príosún Strangeways sa bhliain 1919. Úsáideadh an léarscáil seo le héalú príosúnaigh as Sinn Féin a phleanáil. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 11,409/3/10) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000611770**

## Aire

Tar éis dó éalú as an bpríosún, cuireadh Austin Stack ar ais go Baile Átha Cliath agus ghlac sé an ról mar Aire Gnóthaí Baile ó Art Ó Gríofa tamall ina dhiaidh sin. D'fhan sé mar aire ar an aireacht ar a dtabharfaí an Aireacht Dlí agus Cirt uirthi go dtí Mí Eanáir 1922. Le linn dó a bheith mar aire, ba é an gaisce is mó a rinne de Staic ná cúirteanna na Dála a bhunú agus a rialú. Rinneadh iarracht na Cúirteanna seo a chur in ionad chóras cirt na Breataine in Éirinn.

Sa bhliain 1919, bhunaigh de Staic cúirteanna poblachta eadrána, Cúirt Uachtarach, cúirteanna dúiche agus cúirteanna paróiste chun nach mbeadh aon ghá in aon chor le córas cirt na Breataine in Éirinn. Bunaíodh fórsa póilíneachta chun tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna Dála seo. Cé go raibh orthu feidhmiú faoi bhrú mór an dlí mhíleata in Éirinn, bhí éifeacht áirithe ag baint le hobair na gcúirteanna ar fud an oileáin seachas in áiteanna áirithe i gCúige Uladh. Aithnítear de Staic go forleathan mar an té a bhunaigh na cúirteanna agus thug an rath a bhain leo spreagadh do chúis na saoirse in Éirinn thar lear. Tar éis an tsosa chogaidh i mí Iúil 1921, bhain Cúirteanna na Dála buaicphointe amach ó thaobh an tóir a bhí orthu, ach tháinig meath ar an tairbhe a bhí acu de réir a chéile ina dhiaidh sin. Nuair a daingníodh an Conradh Angla-Éireannach, bhronn rialtas na Breataine gach cumhacht dlí ar an Rialtas Sealadach nua. Cuireadh deireadh foirmiúil leis na Cúirteanna a bhunaigh de Staic i mí Dheireadh Fómhair 1922.



DÁIL ÉIREANN.

February, 1921.

REPUBLICAN COURTS.

A Chara,

The Courts established by Decree of Dail Eireann have since their inception discharged their functions so efficiently and produced such a world-wide moral effect by their impartial administration of justice that the forces of the enemy have decided to suppress them and to use every weapon to achieve this object. Ireland can give but one answer. The Courts established at the wish of the people by the lawful Government of the people must continue to function and the efforts of the enemy must be defeated.

The Courts administered justice fairly and impartially and provided an expeditious and inexpensive method of settling disputes. The unsolicited praises bestowed on them by many extreme opponents of the Republican Policy who had practical experience of their capacity for promoting peace and order produced a wonderful effect on foreign countries and gave the lie direct to British

Imlitir dar dáta Feabhra 1921 ina maítear go raibh an Dáil 'tiomanta go leanfadh na Cúirteanna ag obair' in ainneoin an bhrú mhillteanaigh a chuir fórsaí de chuid chróin na Breataine ar a ngníomhaíochtaí. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 49,356/9/5) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000588468**


## Duine i gcoinnean Chonartha

Bhí Austin Stack glan i gcoinne thearmaí an Chonartha Angl Éireannaigh. Rinne sé a dhícheall chun tionchar a imirt ar an vóta agus chun coisc a chur ar an Dáil an conradh a dhaingniú. Chuaigh Stack ar chamchuairt cainte i Meiriceá luath sa bhliain 1922 chun iarracht a dhéanamh tacaíocht a fháil don thaobh frith-Chonradh a bhailiú i measc an Phobail Gael-Mheiriceánaigh. Mar gheall ar an seasamh poiblí a bhí aige i gcoinne an chonartha, cuireadh Eamon Duggan ina áit mar Aire um Ghnóthaí Baile i Mí Eanáir 1922. Nuair a fhill Stack abhaile ó Mheiriceá, bhí air dul ar a choiméad aris toisc gur bhris Cogadh na gCarad amach.

Bhí Austin Stack fós i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaigh tríd thréimhse Chogadh na gCarad. Bhí sé mar 'Stiúrthóir Airgeadais' do na fórsaí frith-chonradh. Mar gheall ar na caidrimh phearsanta láidre a chothaigh sé sa bhaile i gCiarraí bhí sé ina cheannaire ar an ngluaiseacht i gcoinne an Chonartha i gCúige Mhumhan. I Mí Deireadh Fómhair 1922, chuaigh Stack isteach i 'scáth rialtas poblachtach' in éineacht le de Valera agus Teachtaí Dála eile a bhí i gcoinne an Chonartha. Ceapadh é mar aire airgeadais sa rialtas sin.

Faoi dheireah, i Mí Aibreán 1923 ghabh fórsaí an tSaorstáit Stack agus chuir siad i bpríosún é. Chuaigh sé ar a stailc ocras dheiranach. An aidhm a bhí lena stailc ocrais i nGaol Chill Mhaighneann, a mhair ar feadh aon lá is daichead lá, ná saol na bpríosúnach a bhí i gcoinne an Chonartha a fheabhsú. Bhí an stailc seo mar chuid d'fheachtas níos mó a bhain le príosúin Éireannacha eile agus ag pointe amháin bhí baint ag 8,000 príosúnach leis. Ba dhuine a bhí glan in aghaidh an Chonartha é Stack. Coinníodh i bpríosún é go dtí Mí Iúil 1924, ainneoin gur tháinig deireadh le Cogadh na gCarad i Mí Bealtaine 1923. Agus é sa phríosún, toghadh é mar Theachta Dála Shinn Féin ar son Ciarraí agus Luimneach-Thóir.

**Rinne sé a dhícheall chun tionchar a imirt ar an vóta agus chun coisc a chur ar an Dáil an conradh a dhaingniú**



18. 3. '23.

My dear Winnie,

Vale! Vale! Vale!


I wonder is it. But anyway you won't get this unless I fail to return from a journey I am going on tonight. I expect to be back in a few days, and with God's help I shall.

It is ridiculous I know to be writing farewells, but you will never know.

I have little to say — no rhetoric to indulge in to you. Simply I have tried to keep to the straight path in life in National matters particularly. If I have deviated I am unaware of the lapse. I may not have done all my duty perhaps, but I have done about my best. My conscience is clear on that account anyhow.

Shall I send you a personal word? I shall not offend you by ~~all~~ expressing thanks for all yo

Litir ón 18 Márta 1923 le linn Chogadh na gCarad, a chuir de Staic chuig Winifred Gordon, an bhean a bheadh mar bhean chéile aige amach anseo. Sa litir, fágann sé slán aici sa chás nach dtiocfadh sé ar ais ón turas a bhí beartaithe aige. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 22,398/11) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000781681/HierarchyTree**



The Clan-Na-Gael Expresses Sorrow on the death of Austin Stack

The Clan-Na-Gael of America, through its national officers, sends its heart-felt condolence to the bereft wife of the late lamented Austin Stack, one of Ireland's trusted leaders.

We condemn as cruel and despicable the hounding of this noted patriot by the English "Free State" officials, whose inhuman treatment has driven him to a premature grave.

We call upon his friends and comrades to resolve at his bier to continue with renewed energy the struggle which claimed the best years of his life and his wholehearted devotion.

Fógra poiblí ó Clan na Gael i Meiriceá ag cur comhbhrón na heagraíochta in iúl ar bhás Aibhistín de Staic, laoch Éireannach atá anois ar lár. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 17,489/25) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000610339**

## Teip Pholaitiúil


Toghadh de Staic arís mar chomh-rúnaí ag Ard Fheis Shinn Féin i mí na Samhna 1924. Nuair a d'imigh de Valera agus a lucht leanúna ó Shinn Féin i mí an Mhárta 1926 chun Fianna Fáil a bhunú, chreid de Staic gurbh ionann imeacht de Valera agus "feall ar an bPoblacht" agus d'fhán sé leis an bpáirtí. Bhain sé leis an mionlach, áfach. Thug gnáthbhaill an pháirtí a dtacaíocht iomlán d'Fhianna Fáil. Nuair a cruthaíodh an páirtí nua iomaíoch seo, rinneadh léirscrios iomlán ar Shinn Féin, nach raibh d'acmhainn acu ach cúig iarrthóir déag a chur chun cinn san olltoghchán a tharla i mí an Mheithimh 1927. Choinnigh de Staic a shuíochán i gCiarraí agus i Luimneach Thoir ach ar éigean é. Toisc cúrsaí airgeadais a bheith chomh dona sin ag Sinn Féin, ní fhéadfadh Stack seasamh sa toghchán i mí Mheán Fómhair mar gheall nach raibh na cistí feachtais aige, rud a d'fhág go raibh deireadh lena sheal mar iarrthóir tofa.

Faoin mbliain 1924 bhí a shláinte go dona mar gheall ar na tréimhsí a chaith sé ar a theitheadh le linn Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad agus mar gheall ar na stailceanna ocrais ar ghlac sé páirt iontu. Bhí údaráis an tSaorstáit á chiapadh de shíor agus rinne an Garda Síochána creach ar a oifig go minic, a chuir le meath a shláinte. Ar an 10 Lúnasa 1925, phós de Staic baintreach cigire ón RIC, Winifred Úna Gordon, ar léi an teach ar fhan sé ann agus é ar a theitheadh sa bhliain 1920. Níos lú ná ceithre bliana ina dhiaidh sin ar an 27 Aibreán 1929, fuair Aibhistín de Staic bás mar gheall chúrsaí tinnis a chuaigh in aimhréidh agus aipindicítis air in Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath. Cuireadh i reilig Ghlas Naíon é.

**Nuair a d'imigh de Valera agus a lucht leanúna ó Shinn Féin i Mí Mhárta 1926 chun Fianná Fáil a bhunú, thug Stack 'feall ar an bPoblacht'**

## Conclúid

Rinne Aibhistín de Staic cion tábhachtach ar son chás neamhspleáchais na hÉireann mar pholaiteoir le Sinn Féin, mar phoblachtach míleatach agus mar imreoir CLG. Agus é ag obair mar Fheisire Parlaiminte, mar Theachta Dála agus mar Aire, bhí baint ag de Staic le gníomhaíochtaí an IRA agus na bhfórsaí a bhí i gcoinne an Chonartha. Agus iomrá air mar an duine a bhí freagrach as cúirteanna na Dála a bhunú agus a riar, bhí de Staic glan in aghaidh an Chonartha i gcónaí, agus níor ghlac sé le Saorstát na hÉireann riamh. Thit sé amach le de Valera toisc gur chreid sé gur thréig de Valera a gcuid prionsabal poblachtach. Bhí an tsláinte go dona ag de Staic le linn thréimhse réabhlóideach na hÉireann mar gheall ar na cúinsí uafásacha sa phríosún agus mar gheall ar na stailceanna ocrais a rinne sé, rud a d'fhág gur cailleadh go luath é. Ní raibh sé ach 49 bliain d'aois. Maireann a chlú in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus a ainm tugtha aige don chlub cáiliúil CLG, Cumann Aibhistín de Staic, ina bhaile dúchais, Trá Lí, Contae Chiarraí.



AUSTIN STACK.

I hear, I hear on the Kerry mountains
A boy's sweet whistle, pure and young.
I see, I see on the broad green playing fields
A champion athlete, daring and strong.

And is it he who goes forth to battle
With flashing eyes and manly head,
With Kerry fervour dreaming of conquest
To lift his country from the dead.

But then come the years of prison torture
Suffering and battling with beating heart
With dreams, perhaps, of the Kerry mountains,
When defeat and victory seemed far apart.

.......

High are the peaks of the Kerry mountains,
Which Kerry lads e'er dare to climb,
But the dreams of a man who loves his country
Must soar beyond them in deeds sublime.

Yes. Shed a tear for a life's that's ended,
Ended before the vision cleared,
Before the rainbow of Ireland's freedom
Circled the hills where he was reared.

........

None of the joys of looking backward
Over a long and happy life
Are ever the gift of the Irish patriot,
Who takes his part in his country's strife.

Yet, some day, from the heroes' gravesides
A trumphet call will sound the day
When Ireland united, exultant, remembers
Her sons who rest in such Holy clay.

29/4/29 L.M.O'B

Dán a scríobh an náisiúnaí poblachtach Lily O'Brennan i gcuimhne de Staic, dhá lá i ndiaidh a bháis. Cuirtear béim ar a thiomantas maidir le náisiúnachas na hÉireann agus an tráth iomráiteach a chaith sé i gCLG. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin dán seo (MS 41,501/3/19) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000588052**

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

**Faigh tuilleadh eolais amach faoi chlár Nochtadh na Staire ag:**

**nli.ie/RevealingHistory.aspx**